

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Ag obair le chéile chun difríocht a dhéanamh do leanaí

## *Eolas do Thuismitheoirí*

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

## Cé muidne?

Seasann NEPS don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Seirbhís is ea í a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil. Oibríonn síceolaithe NEPS le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna araon. Bímid ag plé le foghlaim, le hiompraíocht agus le forbairt shóisialta agus mhothúchánach leanaí. Bíonn grúpa scoileanna faoi chúram gach síceolaí de chuid NEPS.

## Cad a dhéanann síceolaithe NEPS?

Oibrímid le múinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí chun cuidiú leis na leanaí uile a gcumas a fhorbairt. Cuirimid réimse seirbhísí ar fáil. Mar shampla, tacaímid le scoláirí aonair, tugaimid comhairle agus tacaíocht do scoileanna agus cuidímid le scoileanna déileáil le cursaí nuair a bhuaileann tubaiste iad. Díríonn an bhileog seo do thuismitheoirí ar an gcaoi ina n-oibrímid le leanaí aonair.

*(Is éard is brí le leanaí sa bhileog eolais seo ná leanaí agus daoine óga idir 4 agus 18 mbliana d'aois)*

## Cad ba chóir dom a dhéanamh má tá imní orm faoi dhul chun cinn mo linbh ar scoil?


I dtús báire, ní mór duit an t-ábhar imní atá agat a phlé leis an múinteoir ranga agus/nó leis an bpríomhoide. De ghnáth, beidh an múinteoir in ann tú a chur ar do shuaimhneas maidir le dul chun do linbh. Má tá an múinteoir ar aon tuairim leat faoi d'ábhar imní pléifidh sé/sí í agus réiteoidh sí plean simplí i gcomhar leat chun deileáil leis an ábhar imní, plean ar a dtugtar Plean Tacaíochta Ranga. Má tá cúnamh breise ag teastáil ó do leanbh is féidir plean ar a dtugtar Plean Tacaíochta Scoile a aontú.

## Cad a tharlaíonn má mhothaím fós nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag mo leanbh agus go bhfuil cabhair ó shíceolaí NEPS ag teastáil?

Scaití bíonn na múinteoirí agus na tuismitheoirí d'aon ghuth go gcuideodh sé tacaíocht a fháil ón síceolaí NEPS. Pléifidh an scoil an cás leis an síceolaí ansin agus déanfar cinneadh an gcuideodh a rannpháirtíocht. Lorgófar do chead i scríbhinn ag an gcéim seo. Úsáideann síceolaithe NEPS cur chuige fadhbréitigh agus muid ag obair le múinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí. Tá ceithre chéim i gceist sa chur chuige seo. Rachaidh an síceolaí trí na céimeanna sin leatsa agus le múinteoirí do linbh. Cuirfear tuairimí agus smaointe an linbh san áireamh agus cothófar a rannpháirtíocht ghníomhach ag gach céim.



Cuidíonn an léaráid anseo thíos leis an gcur chuige fadhbréitigh a léiriú:




## 1. Cad é an t-ábhar imní?

Is í an chéad chéim ná buaileadh le gach éinne lena mbaineann chun a bheith soiléir faoi céard go baileach í an fhadhb. Áireoidh sé seo féachaint ar an tuiscint atá ag daoine éagsúla ar an bhfadhh - an múinteoir, na tuismitheoirí, an leanbh - agus cad iad na hathruithe ba mhaith leo a fheiceáil. Má fhéachtar siar ar a bhfuil triailte cheana sa scoil, d'fhéadfadh sé sin cabhrú chun léargas a thabhairt ar an bhfadhb. Ag an bpointe seo scrúdoimid an t-eolas atá againn agus socróimid cén t-eolas breise atá ag teastáil chun teacht ar chúis na faidhbe. Aontóimid cé a ghlacfaidh páirt agus an t-eolas sin á bhailiú.

## 2. Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?

Ag an gcéim seo déantar mionscrúdú ar an eolas atá againn agus uaireanta bíonn breis eolais le bailiú. B'fhéidir go socrófar go gcaithfidh tú tréimhse ama ag breathnú ar iompraíocht agus ar fhreagairtí an pháiste agus go líonfaidh tú isteach roinnt ceistneoirí. B'fhéidir go mbeidh na múinteoirí ábalta tuilleadh eolais a bhailiú ar scoil. Uaireanta aontaítear go mbuailfidh an síceolaí leis an leanbh ina (h)aonar chun pictiúr níos iomláine a fháil ar a láidreachtaí agus a riachtanais d'fhonn cur le plean tacaíochta. B'fhéidir go mbreathnóidh an síceolaí ar do leanbh sa seomra ranga nó i gclós na scoile.

B’fhéidir, ansin, go ndéanfaidh an síceolaí tástáil leis an leanbh chun a fháil amach an stíl foghlama atá aige/aice agus céard iad na deacrachtaí atá i gceist. Seans go labhróidh siad leis an leanbh nó go gcuideoidh siad leis ceistneoirí a líonadh isteach chun chun tuiscint níos fearr a fháil ar a mhothúcháin agus ar a inspreagadh. Ach cead a fháil uaitse roimh ré, d’fhéadfadh an síceolaí dul i dteagmháil le gairmeoirí eile ar nós teiripeoirí urlabhra agus teanga, sa chás go mbeadh eolas acu a chabhródh. Tar éis an t-eolas breise sin a bhailiú, féachfaimid cén léargas a thugann sé dúinn ar cad is cúis leis an bhfadhb agus cé mar a chabhraíonn sé linn cinneadh a dhéanamh cad atá le déanamh chun cuidiú.

## 3. Cad is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú?

Nuair atá tuairim mhaith againn faoi chúis na faidhbe, ansin is féidir linn idirbhearta a phlé a d’fhéadfadh difríocht a dhéanamh ar scoil. Pléifimid freisin na rudaí is féidir leatsa a dhéanamh sa bhaile chun cuidiú leis an leanbh. Nuair atáimid ar aon fhocal faoina bhfuil le déanamh, socróimid roinnt spriocanna agus conas a dhéanfaimid an dul chun cinn a thaifeadadh chun a fheiceáil an bhfuil feabhas ag teacht ar an scéal.

## 4. Ar éirigh leis?

ITá sé an-tábhachtach a shocrú conas agus cathain a dhéanfaimid athbhreithniú chun a fháil amach an bhfuil an méid a thriaileamar ag oibriú.  Is féidir é seo a dhéanamh i gcruinnithe sceideailte idir na  tuismitheoirí, an leanbh agus na múinteoirí. De ghnáth coinneoidh an scoil an síceolaí ar an eolas faoin dul chun cinn. Má tá ábhair imní ann fós faoin dul chun cinn nó faoi cé mar atá an plean ag obair, b’fhéidir go mbeidh orainn ar fad buaileadh le chéile arís chun féachaint cad is gá a dhéanamh.

## *Má tá mo leanbh ag buaileadh le síceolaí, ar chóir dom é sin a rá leis/léi ar dtús?*

Cuir aois do linbh san áireamh. B’fhéidir gur fearr é a rá le leanaí níos sine. Mothaíonn roinnt leanaí níos compordaí má tá a fhios acu cad atá ag teacht, agus tá leanaí eile a éiríonn neirbhíseach má insítear dóibh é roimh ré. Uaireanta is maith leis an síceolaí breathnú ar leanaí sa rang (déanfaimid é seo go discréideach, sa chaoi is nach bhfuil a fhios ag an leanbh féin ná ag a c(h)uid cairde cé tá á b(h)reathnú). Go minic is fearr an scéal nuair nach bhfuil an leanbh ag súil leis seo.

## *Cad a tharlaíonn don eolas faoi mo leanbh?*

Ba chóir go mbeadh a fhios agat go gclúdaítear na taifid uile faoi do leanbh ag an Acht um Shaoráil Faisnéise agus an Acht um Chosaint Sonraí. Leagann na dlithe seo síos rialacha diana chun príobháideacht a chosaint agus bronnann siad cearta áirithe ort. Caitheann NEPS go rúnda le gach eolas faoin leanbh. Má scríobhann an síceolaí tuairisc a dhéanann cur síos ar do pháiste agus an déileáil a bhí acu leis, gheobhaidh tú cóip den tuairisc sin. Seolfar cóip chuig an scoil freisin. Ní roinnfimid eolas faoi do leanbh le haon duine nó le haon ghníomhaireacht eile ach le cead scríofa uaitse.

Coinneoimid taifead ar ár gcuid oibre leis an leanbh ina bhfuil an t-eolas ar fad atá bailithe, lena n-áirítear nótaí agus cóipeanna tuairiscí. Coinneofar an taifead in áit shábháilte. Déanfaimid taifead gearr leictreonach freisin, ar a bhfuil ainm agus seoladh do linbh, an fáth go bhfuilimid páirteach, gníomhartha a rinneadh agus na torthaí d'fhonn cuidiú linn ár gcomhaid agus ár dtaifid a bhainistiú agus ar mhaithe le staisticí.

I gcoitinne, tá fáilte roimh thuismitheoirí féachaint ar thaifid ar bith atá ag NEPS faoina leanbh ach teagmháil a dhéanamh leis an síceolaí atá i gceist.

## *Cad a dhéanaim má táim míshásta le seirbhís NEPS?*

Tá NEPS tiomanta do sheirbhís custaiméara den scoth. Tá sé d'aidhm againn seirbhís éifeachtach agus ghairmiúil a sholáthar, agus leanaimid Cairt do Sheirbhís Custaiméirí na Roinne Oideachais agus Scileanna. Más rud é, áfach, go bhfuil údáir ghearáin agat faoin tseirbhís NEPS ba chóir duit iad seo a phlé leis an síceolaí NEPS atá ag obair le scoil do linbh nó, má tá sé níos oiriúnaí, leis an Stiúrthóir Réigiúnda NEPS cuí (féach na sonraí teagmhála d'Oifigí Réigiúnda a leanann). Mura bhfuil tú sásta gur déileáladh le do shaincheist ag an leibhéal seo is féidir leat gearán foirmiúil a dhéanamh chuig Oifig na Roinne do Sheirbhísí do Chustaiméirí ag:

Aonad um Bhainistiú Athraithe,
Oifig na Seirbhísí do Chustaiméirí,
An Roinn Oideachais & Scileanna,
Sráid Mhaoilbhríde.,
Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 889 6690
nó le r-phost chuig: complaints@education.gov.ie

# Sonraí Teagmhála

## Ceannoifig NEPS

An Roinn Oideachais & Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde., B.A.C. 1. Teil: (01) 889 2700

## Réigiún B.A.C.

Oifig Réigiúnach NEPS, Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, B.Á.C 1 Tel: (0761) 108660

### Oifig Áitiúil:

NEPS, 50 Bóthar an Túir, Cluain Dolcáin, B.Á.C. 22
Tel: (0761) 108430

## Réigiún B.Á.C. / Lár-Laighean

Oifig Réigiúnach NEPS,
Urlár a Trí, Teach Trident,
An Charraig Dhubh, Co. B.Á.C.
Tel: (0761) 108400

Oifig Áitiúil:
NEPS, 50 Bóthar an Túir, Cluain Dolcáin, B.Á.C. 22
Tel: (0761) 108430

NEPS, Bloc A, An Maidlín, Bóthar Atha Cliath, An Nás, Co. Chill Dara
Tel: (0761) 108620

## Réigiún an Oirthuaiscirt

NEPS, 2ú Urlár, Oifigí an Rialtais, Cill an Chairn, An Uaimh, Co. na Mí. Tel: (0761) 108635

### Oifig Áitiúil:

NEPS, Teach na Leamhán, Bruach na Leamhán, An Cabhán. Tel: (049) 4325430

NEPS, An tEastát Tionsclaíochta, Bóthar Dhún Uabhair, Droichead Átha, Co. Lú
Tel: (041) 987 6940

## Réigiún an Iardheiscirt

NEPS, Halla Houston, Ascaill Bhaile an Choimín, Eastát Tionsclaíochta Raithín, Luimneach.
Tel: (0761) 108561

### Oifig Áitiúil:

NEPS, Sráid Naomh Proinsias, Inis, Co. an Chláir Tel: (0761) 108561 (Limerick)

NEPS, Cluain na Lobhar, Páirc Darach, Trá Lí, Co. Chiarraí
Tel: (066) 718 0671

## Oir-Dheiscirt / Theas-Lár na Tíre

NEPS, Láthair Ghnó Bhaile Eoin, Bóthar Eoin, Port Láirige
Tel: (051) 310028

### Oifig Áitiúil:

NEPS, Oifigí an Rialtais, Bothar an Bhaile Núa, Loch Garman
Tel: (01) 889 2492

NEPS, Ionad Gnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise,Co. Laoise.
Tel: (051) 310028 (Port Láirige)

NEPS, F/Ch. Ionad Oideachais Chill Chainnigh Bóthar Challainn, Co. Cill Chainnaigh
Tel: (051) 310028 (Port Láirige)

## Thuaidh-Thiar / Thuaidh-Lár na Tíre

NEPS, Bóthar Mhuileann na mBráithre, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.
Tel: (0761) 108573

### Oifig Áitiúil:

NEPS, Aonaid 3 – 6, Foirgnimh Beulah, Bothar Fhionasclainn, Sligeach
Tel: (0761) 108701

NEPS, 2ú hUrlár, Teach Mhic Eanraic, Plás Mhic Eanraic, Bóthar an Phiarsaigh, Leitir Ceanainnn, Co. Dhún na nGall. Tel: (074) 9178592

## Réigiún an Iarthair

NEPS, Plás Victoria, An Fhaiche Mhór, Gaillimh
Tel: (091) 864518

### Oifig Áitiúil:

NEPS, Oifigí an Rialtais, Bothar an Chlochair, Roscómain.
Tel: (091) 864518 (Galway)

NEPS, Aonaid 1, Humbert Mall, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.
Tel: (094) 902 8310

## Réigiún Lár-Mumhan

NEPS, Bloc C, Páirc Gnó Dhúchais, Machain, Corcaigh
Tel: (0761) 108450

### Oifig Áitiúil:

NEPS, An Sean Modhscoil, An Bóthair Thiar, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
Tel: (0761) 108450

Idirlín: www.education.ie R-phost: neps@education.gov.ie